SDCC

Comhairle Contae Átha Cliath Theas

South Dublin County Council

# An Rannóg Pobail

## Leabhrán Deontas



# Clár Ábhair


**Leathanach 4** Intreoir

**Leathanach 6** Nós Imeachta

**Leathanach 8** Coinníollacha Ginearálta

**Leathanach 10** Deontais Forbartha Pobail
- Costais Tosaigh do Ghrúpaí Pobail
- Deontas Costais Reatha do Ghrúpaí Pobail
- Tacaíocht d'Imeachtaí/d'Fhéilte Pobail

**Leathanach 12** Deontas do Thionscadail Samhraidh

**Leathanach 14** Deontas Cothaithe don Samhradh

**Leathanach 16** Deontas Feabhsúchán Comhshaoil

**Leathanach 18** Deontais Mórthrealaimh agus Miontrealaimh

**Leathanach 20** Deontas Bonneagair TF atá dírithe ar Ionaid Phobail

**Leathanach 20** Deontas Líonraithe agus Riaracháin TF d’Ionaid Phobail

**Leathanach 22** Tacaíocht d'Imeachtaí Bealtaine Aoisbháúla




# Intreoir

## Fáilte chuig Scéim Deontas Pobail Chomhairle Contae Átha Cliath Theas

Tá míniú sa treoir seo ar na deontais atá ar fáil do ghrúpaí pobail i nDeisceart Átha Cliath, na rialacha maidir le hiad a fháil, agus conas iarratas a dhéanamh.

Tá an scéim seo á reáchtáil ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas ó bunaíodh í. Thar na blianta, tá maoiniú faighte ag na céadta tionscadal áitiúil. De réir mar a mhéadaigh daonra an chontae, athraíodh an scéim chun freastal ar riachtanais nua. Sa lá atá inniu ann, tá sé ar cheann de na tacaí a chuidíonn le forbairt pobail.

Is é cuspóir na scéime tacú le réimse leathan de ghníomhaíochtaí agus seirbhísí pobail. Ba mhaith linn a chinntiú go mbainfidh a oiread daoine agus is féidir leas as na cistí teoranta atá ar fáil. Díríonn an scéim freisin ar ionaid phobail a choinneáil gníomhach inbhuanaithe.

Cuireann ár bhfoireann Oibrithe Pobail neart tacaíochta ar fáil do ghrúpaí áitiúla, mar aon le cabhair ó ranna eile de chuid na Comhairle. Is féidir leat sonraí faoin scéim a aimsiú ar shuíomh gréasáin na Comhairle agus i nuachtáin áitiúla.

**Conas Iarratas a Dhéanamh:**
Tá foirmeacha iarratais ar fáil ar líne ag https://www.sdcc.ie.

**Cabhair uait?**
Téigh i dteagmháil leis an bhFoireann Pobail:
Fón: 01 414 9000 nó 01 414 9270
Ríomhphost: communitygrants@sdublincoco.ie







# Nós Imeachta

**Conas Iarratas a Dhéanamh ar Dheontas Pobail**

- Ní mór gach iarratas ar dheontas a chomhlánú ar líne ag https://www.sdcc.ie
- Líon isteach an fhoirm iarratais go hiomlán agus cuir na doiciméid riachtanacha go léir léi. Tábhachtach: Má tá doiciméid in easnamh, ní dhéanfar d'iarratas a mheas agus seolfar ar ais é

**An Próiseas Faofa**

- De ghnáth, tógann sé 6–8 seachtaine ón uair a fhaighimid d'iarratas go dtí go gcuirfear in iúl duit gur faomhadh é
- Déanann an Fhoireann Pobail athbhreithniú ar na hiarratais agus cuirtear i láthair ag cruinniú de chuid Chomhairle Contae Átha Cliath Theas ansin iad. Reáchtáiltear na cruinnithe seo ar an dara Luan de gach mí (seachas Lúnasa)

**Tacaíocht atá ar fáil**

Má tá cabhair ag teastáil uait le d'iarratas, téigh i dteagmháil leis an bhFoireann Forbartha Pobail: Fón: 01 414 9000 nó 01 414 9270 Ríomhphost: communitygrants@sdublincoco.ie

**Tar éis Iarratas a Fhaomhadh**

- Má fhaomhtar do dheontas, gheobhaidh tú fógra ríomhphoist ina sonrófar an méid atá faofa agus treoracha maidir le hadmhálacha a chur isteach
- **Ní mór admhálacha (seachas sonraisc)** a sheoladh laistigh de **30 lá** tar éis duit ríomhphost faofa a fháil
- Nuair a bheidh na hadmhálacha seiceáilte, déanfar an íocaíocht go díreach chuig **cuntas bainc tiomnaithe do ghrúpa**

**Nod**: Cinntigh go bhfuil cuntas bainc agus coimircí airgeadais cuí i bhfeidhm ag do ghrúpa.

**Spriocdhátaí Tábhachtacha**

- Ní mór glacadh le deontais laistigh de **30 lá** ón uair a faomhadh iad. Ní féidir maoiniú a thabhairt ar aghaidh go dtí an bhliain seo chugainn
- Mura gcloisfimid uait, cuirfimid **meabhrúchán amháin** chugat. Mura bhfaighfear freagra fós tar éis 10 lá, caillfidh tú an deontas

**Amlíne na hÍocaíochta**

- Fanfaidh tú thart ar **3 seachtaine** ón uair a chuireann tú admhálacha isteach go dtí go ndéantar an íocaíocht



# Coinníollacha Ginearálta

**1. Próiseas Iarratais**
- Ní mór iarratas a chur isteach tríd an bhfoirm iarratais oifigiúil ar líne
- Ní mór iarratais a chur isteach sula dtabhaítear aon chaiteachas

**2. Cáilitheacht**
- Ní mór do ghrúpaí/eagraíochtaí a bheith lonnaithe laistigh de Chontae Átha Cliath Theas
- Ní mór é a bheith bunaithe go foirmiúil (b'fhéidir go mbeadh gá le Bunreacht a sholáthar)
- Ní mór dóibh a bheith cláraithe le PPN (Líonra Rannpháirtíochta Pobail)
- Ní mór dóibh Ráiteas Príobháideachais CCÁCT do Dheontais Pobail a léamh
- Níl deontais ar fáil do dhaoine aonair ná d'eagraíochtaí brabúis

**3. Ceanglais Airgeadais**
- Ní mór an cuntas bainc a bheith in ainm an ghrúpa
- Déan an Fhoirm Chláraithe d'Eagraíochtaí Deonacha Neamhbhrabúis a chomhlánú agus a sheoladh chuig na Coimisinéirí Ioncaim
- Cuir Uimhir Thagartha Cánach ar fáil don Fhoireann Pobail
- Cuir isteach Cuntais Iniúchta nó Ráitis Bhainc 3 mhí
- Taispeáin fianaise ar chistí leordhóthanacha chun an iarmhéid a chlúdach (ní thugann CCÁCT ach céatadán den chostas)

**4. Sonraí an Tionscadail**
- Sonraí iomlána faoi chuspóir an deontais atá ag teastáil
- Má bhíonn tionchar ag an tionscadal ar ranna CCÁCT, ní mór comhaontú agus fianaise a sholáthar roimh ré
- Costais tionscadail atá soiléir cruinn a chur ar fáil

**5. Féinmheasúnaithe**
- Ní mór duit **árachas dliteanais phoiblí** a bheith agat a shlánaíonn Comhairle Contae Átha Clitah Theas ar **€6.5 milliúnn**
- Doiciméadacht (admhálacha) le haghaidh earraí a ceannaíodh nó oibreacha a rinneadh
- Aitheantas poiblí ar ranníocaíocht CCÁCT in aon ábhair bholscaireachta (le fianaise)

**Príomhchritéir Mheasúnaithe**
- Tionchar ar an bpobal áitiúil agus leibhéal an rannpháirteachais leis an bpobal
- Dúbailt a sheachaint (grúpaí/tionscadail chomhchosúla a bheith ann)
- Cuntas teiste cruthaithe agus acmhainn an ghrúpa an tionscadal a sheachadadh
- Costais atá soiléir cruinn
- Luach maith ar airgead
- Infhaighteacht cistí atá ann cheana féin agus foinsí maoinithe eile
- Inbhuanaitheacht an tionscadail



# Forbairt Pobail Deontais

## Costais Tosaigh do Ghrúpaí Pobail
## Suas le huasmhéid de €500

Cuidíonn an deontas seo le **grúpaí nó eagraíochtaí pobail nua** le costais tosaithe aonuaire. I measc na samplaí, tá:

- Seomraí cruinnithe a thógáil ar cíos
- Ábhair phriontáilte
- Poiblíocht
- Árachas

**An méid is gá a chur ar fáil:**

- Aidhmeanna do ghrúpa
- Miondealú ar chostais a theastaíonn uait a chumhdach

**Critéir:**

- Taispeáin an fáth go bhfuil gá le do ghrúpa
- Mínigh conas a leanfaidh do ghrúpa ar aghaidh i ndiaidh an mhaoinithe
- Déan cur síos ar do thionscadal
- Taispeáin conas a rachaidh sé chun tairbhe don phobal i gcoitinne

## Deontas Costais Reatha do Ghrúpaí Pobail
## Suas le huasmhéid de €1000

Tá an deontas seo do **ghrúpaí nó eagraíochtaí pobail atá ann cheana féin**. Cuidíonn sé le costais leanúnacha a chumhdach, amhail na costais a bhaineann le:

- Nuachtlitir a dhéanamh
- Árachas
- Saoráidí a fháil ar cíos

Níl sé ar fáil ach amháin **mura bhfuil foinsí maoinithe eile agat**.

**An méid is gá a chur ar fáil:**

- Mínigh cén fáth a bhfuil an deontas seo ag teastáil uait
- Taifid airgeadais do na 6 mhí roimhe
- Ráiteas bainc reatha







## Tacaíocht d'Imeachtaí/d'Fhéilte Pobail
## Suas le huasmhéid de €4,000/€10,000, faoi seach

Cuidíonn an deontas seo le grúpaí nó eagraíochtaí pobail cuid de na costais a chumhdach le haghaidh **imeachtaí ceiliúrtha sa phobal áitiúil**.

**Príomhcheanglais:**

- Ní mór do do ghrúpa neart tacaíochta a bheith acu ón bpobal áitiúil agus ó na gníomhaireachtaí ábhartha
- Cead a fháil ó na húdaráis riachtanacha go léir roimh an imeacht (e.g., an Garda Síochána, Roinn Tráchta/Bóithre Chomhairle Contae Átha Cliath Theas chun bóithre a dhúnadh)
- Má tá ionad nó spás poiblí nach leatsa é á úsáid agat, ní mór cead i scríbhinn a bheith agat
- Caithfidh do ghrúpa cistí a bhailiú go háitiúil chomh maith. Go hidéalach, níor cheart don Chomhairle níos mó ná 50% de chostas iomlán an imeachta a mhaoiniú
- Ní mór duit **árachas dliteanais phoiblí** a bheith agat a shlánaíonn Comhairle Contae Átha Clitah Theas ar **€6.5 milliún**

**Tábhachtach:**
Tabhair dóthain ama duit féin chun iarratas a dhéanamh agus faomhadh a fháil roimh dháta an imeachta. Ní mór admhálacha (seachas sonraisc) a chur isteach laistigh de 30 lá tar éis an imeachta chun íocaíocht a fháil.

# Deontas do Thionscadail Samhraidh

## €500 ar an meán in aghaidh na seachtaine / ag brath ar na critéir thíos.

## Spriocdháta d'iarratais: Dé hAoine, 8 Bealtaine ar 4:00 PM

Is féidir Tionscadail Samhraidh a mhaireachtáil **idir 1 agus 4 seachtaine**, agus ríomhtar an maoiniú bunaithe ar fhad an tionscadail.

Cuireann na tionscadail seo **gníomhaíochtaí áineasa agus oideachasúla maoirsithe** ar fáil do dhaoine óga i rith an tsamhraidh. Leagtar béim ar **rannpháirtíocht an phobail** agus ar acmhainní áitiúla a fhorbairt.

Moltar úsáid a bhaint as na háiseanna áitiúla amhail scoileanna, ionaid pobail, hallaí, agus spásanna oscailte.

Ní mór do thionscadail cloí leis an **reachtaíocht um Chosaint Leanaí** agus a bheith lonnaithe i gContae Átha Cliath Theas. Ba chóir go mbeadh **eilimintí baile-bhunaithe san áireamh sna gníomhaíochtaí gach seachtain**.

**Critéir**

- Mínigh an fáth a bhfuil gá leis an deontas
- Cuir taifid airgeadais ar fáil don **dá bhliain** seo caite agus **ráiteas bainc reatha**.
- Ní mór go mairfeadh tionscadal **seachtain amháin ar a laghad agus a bheith críochnaithe laistigh de 4 seachtaine**
- **Ní mór do na gníomhaíochtaí a bheith ar siúl ar feadh cúig lá** (cúig mhaidin agus tráthnóna), bíodh sin go léir i ndiaidh a cheile nó scaipthe thar thréimhse an tsamhraidh
- Ní mór dó freastal ar **100 duine óg ar a laghad** ó cheantar áitiúil sainithe
- Ní mór don Choiste **Cathaoirleach, Rúnaí agus Cisteoir** a bheith aige
- Is gá ról a bheith ag **ionadaithe áitiúla** sa phleanáil agus go spreagfaí úinéireacht áitiúil
- Déan **clár na n-imeachtaí atá beartaithe** a chur ar fáil in éineacht leis an iarratas
- Déan **cuntas bainc ar leith** a chur ar bun agus sonraí a chur ar fáil
- Déan **cruthúnas árachais** a chur isteach sula dtosaíonn an tionscadal
- **Níl tionscadail tráchtála incháilithe**



# Deontas Cothaithe do Thionscadail Samhraidh

Tá an deontas seo ceaptha chun cabhrú le ceantair nua agus ceantair atá i mbéal a bhforbartha tionscadail samhraidh a thosú, agus é mar aidhm go bhfásfaidh sé ina Thionscadal Samhraidh iomlán laistigh de dhá bhliain.

**Liúntas na Chéad Bhliana:**

- Is féidir tionscadail a reáchtáil ar feadh seachtain amháin
- Ba chóir go bhfreastalódh gníomhaíochtaí ar idir 50 agus 100 duine óg
- Mura féidir leat an líon íosta a bhaint amach, déan teagmháil le d'Oifigeach Pobail chun comhairle a fháil

Déanfaidh ár bhFoireann Pobail monatóireacht ar na coistí nua seo agus tacóidh sí leo.

**Riachtanais an Chláir:**


- Caithfidh an clár a bheith i bhfeidhm ar feadh cúig mhaidin agus tráthnóna thar thréimhse an tsamhraidh
- Is féidir gur cúig lá as a chéile a bheadh i gceist anseo nó iad a bheith scaipthe thar thréimhse an tsamhraidh

**Critéir**

- Ní mór an tionscadal a bheith lonnaithe i gceantar ina bhfuil fíorbheagán staire nó nach bhfuil stair ar bith ann maidir le Tionscadal Samhraidh a reáchtáil
- Ní mór gur tionscnamh pobail áitiúil é
- Ba cheart an coiste a bheith deonach agus lonnaithe go háitiúil, bunaithe chun freastal ar riachtanais leanaí agus daoine óga sa cheantar
- Déan áiseanna áitiúla amhail scoileanna, ionaid pobail, hallaí, agus spásanna oscailte a úsáid nuair is féidir
- Ní mór an tionscadal a bheith lonnaithe i gContae Bhaile Átha Cliath Theas agus gníomhaíochtaí baile seachtainiúla a chur san áireamh
- Ní mór cloí leis an reachtaíocht um Chosaint Leanaí
- Ní hiondúil go maoineofar tionscadail nach gcomhlíonann na critéir seo, ach féadfar cásanna aonair a bhreithniú ar a bhfiúntas

**Tábhachtach:**

- Ní mór admhálacha (seachas sonraisc) a chur isteach laistigh de 30 lá tar éis an imeachta chun íocaíocht a fháil
- Spriocdháta d'Iarratais ar Dheontas do Thionscadal Samhraidh: Dé hAoine, an 8 Bealtaine ar 4:00 PM



# Deontas Feabhsúchán Comhshaoil

## Suas le huasmhéid de €500

Tacaíonn an deontas seo le **grúpaí pobail** (amhail cumainn chónaitheoirí nó grúpaí comhshaoil áitiúla) ar mian leo a dtimpeallacht áitiúil a fheabhsú.

**Samplaí de ghníomhaíochtaí:**

- Crainn agus toir a phlandáil (ní mór comhaontú a dhéanamh leis an Roinn Páirceanna/Bóithre sula dtosaíonn an obair)
- 'Ainmchlocha' a cheannach le haghaidh eastát (ní mór é seo a chomhaontú leis an Rannóg Páirceanna/Bóithre sula dtosófar na hoibreacha)
- Trealamh riachtanach a cheannach chun na hoibreacha a chríochnú
- Feabhsuithe comhshaoil áitiúla eile a bheadh faofa ag an Rannóg Pobail

**Critéir**

- Ní mór sonraí na n-oibreacha atá beartaithe a aontú leis an **Rannóg Pobail** sula gcuirtear tús le haon obair



# Deontais Mórthrealaimh agus Miontrealaimh

## Deontas Mórthrealaimh - Uasmhéid de €5,000
## Deontas Miontrealaimh - Uasmhéid de €2,000

Cuidíonn an deontas seo le grúpaí pobail trealamh a cheannach nó a athsholáthar atá riachtanach chun tacú le gníomhaíochtaí pobail áitiúla.

- **Mór-Threalamh:** Earraí móra, costasacha a cheannaítear ó am go ham
- **Mion-Trealamh:** Earraí níos lú a bhíonn ag teastáil ar bhonn níos rialta

**Rialacha:**
- Ní féidir leat iarratas a dhéanamh ar **Dheontas Mórthrealaimh ach uair amháin gach 2 bhliain**
- Ní féidir leat iarratas a dhéanamh ar **dheontais Mórthrealaimh agus Miontrealaimh araon in aon bhliain amháin**

**Critéir**
- **Ní mór admhálacha (seachas sonraisc)** a chur isteach laistigh de **30 lá tar éis an cheannaigh** chun íocaíocht a fháil

**Critéir**
- Mínigh an fáth a bhfuil gá leis an trealamh
- Cuir sonraí ar fáil faoi do thionscadal reatha
- Tabhair costas an trealaimh agus **2 luachan ar a laghad**







# Deontas Bonneagair TF atá dírithe ar Ionad Pobail

## Suas le huasmhéid de €5000

Cuidíonn an deontas seo **le hIonaid Phobail** a dteicneolaíocht a fheabhsú trí chur leis an trealamh TF nó é a uasghrádú.

**Príomh-Rialacha:**

- Ar fáil **uair amháin gach trí bliana** do gach Ionad Pobail

**Critéir**

- Taispeáin an fáth a bhfuil gá leis an mbonneagar TF
- Mínigh conas a úsáidfear é agus an tionchar a bheidh aige ar fhorbairt an ionaid
- Déan **plean tionscadail** a chur isteach
- Déan **costálacha** sonracha a thabhairt
- Taispeáin cad iad na **bearta slándála** a chosnóidh an trealamh
- Taispeáin cé na bearta a chosnóidh úsáideoirí agus bogearraí ó úsáid neamhúdaraithe (e.g., bogearraí frithvíreas, rialuithe tuismitheoirí)

# Deontas Líonraithe agus Riaracháin TF d'Ionaid Phobail

## Suas le huasmhéid de €1000

Cuidíonn an deontas seo le **grúpaí nó le hionaid phobail** líonra TF a bhunú agus a choinneáil, lena n-áirítear teicneolaíocht riachtanach a cheannach.

**Critéir:**

- Mínigh an fáth a bhfuil an cúnamh seo ag teastáil uait
- Mínigh cén **cómhaoiniú** (maoiniú eile) atá ar fáil
- Tabhair **costais mheasta**
- Taispeáin na buntáistí a bhaineann leis an líonra a chruthú
- Mínigh an líon grúpaí nó ionad a bheidh mar chuid den líonra
- Déan cur síos ar an gcaoi a ndéanfaidh tú an líonra a **choinneáil agus a nuashonrú**
- Taispeáin cad iad na **bearta slándála** a chosnóidh an trealamh
- Taispeáin cad iad na bearta a chosnóidh úsáideoirí agus bogearraí ó úsáid neamhúdaraithe (m.sh. bogearraí fríthvíreas, rialúcháin tuismitheoirí).







# Tacaíocht d'Imeachtaí Bealtaine Aoisbháúla

### Suas le huasmhéid de €1000

## Deontas d'Imeacht Bealtaine

Cuidíonn an deontas seo le **grúpaí nó eagraíochtaí pobail** cuid de na costais a bhaineann le **himeachtaí Bealtaine áitiúla a eagrú do dhaoine atá 55 bliain d'aois agus níos sine** a chumhdach.

**Critéir**

- Ní mór do do ghrúpa neart tacaíochta a bheith acu ón bpobal áitiúil agus ó na gníomhaireachtaí ábhartha
- Faigh cead ó na húdaráis riachtanacha go léir roimh an imeacht
- Ní mór do do ghrúpa rannchuidiú agus/nó cistí a bhailiú go háitiúil chun cabhrú le costais a chumhdach
- Ní mór duit **árachas dliteanais phoiblí** a bheith agat a shlánaíonn Comhairle Contae Átha Cliath Theas ar **€6.5 milliún**

**Tábhachtach:**

- **Ní mór admhálacha (seachas sonraisc)** a chur isteach laistigh de **30 lá tar éis an imeachta** chun íocaíocht a fháil






Comhairle Contae Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas,
An Rannóg Pobail,
Halla an Chontae,
Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.

Teileafón: 01 4149000 nó 01 414 9270
Ríomhphost: communitygrants@sdublincoco.ie

Aimsigh agus lean Comhairle Contae Átha Cliath Theas **CCÁCT** ar